Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11834/23**

**AGRILEG 140**
**VETER 77**
**DELACT 98**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 4572 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 10.7.2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair le haghaidh galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 4572 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 4572 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.7.2023
C(2023) 4572 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.7.2023**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair le haghaidh galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe')[1] leagtar síos rialacha maidir le cosc agus rialú galar atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó chuig daoine, lena n-áirítear rialacha maidir le faireachas, maidir le cláir faireachais an Aontais, maidir le formheas ón gCoimisiún ar stádas saor ó ghalair agus maidir leis an stádas saor ó ghalar a choinneáil. Chomh maith leis sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún leis rialacha a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán sin a fhorlíonadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe.

Leag an Coimisiún na rialacha sin síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair le haghaidh galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn[2].

Tá feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón 21 Aibreán 2021. Ó bhí an dáta sin ann, léiríodh sa taithí a fuarthas le linn an Rialachán sin a chur i bhfeidhm agus sna hathruithe a tháinig ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le galair áirithe ainmhithe san Aontas go bhfuil gá mionchoigeartú a dhéanamh ar roinnt dá fhorálacha. Dá bhrí sin, leis an dréacht-Rialachán Tarmligthe seo ón gCoimisiún leasaítear nó soiléirítear forálacha áirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- forlíontar na rialacha maidir le faireachais chun deis a thabhairt do na húdaráis inniúla faireachas a chur chun feidhme i speicis ainmhíocha nach n-áirítear faoi láthair i ndearadh na gclár faireachais; leis an leasú seo beidh deis bhreise agus tacaíocht bhreise ag na húdaráis inniúla chun faireachas struchtúrtha a dhéanamh maidir le fliú éanúil ardphataigineach (HPAI) i mamaigh de réir mar is iomchuí agus tá sé beartaithe aghaidh níos fearr a thabhairt ar an gcuspóir i dtaobh cur leis an eolas ar HPAI lena mbaineann riosca zónóiseach féideartha dá bhforáiltear i gclár faireachais an Aontais a leagtar síos i Roinn 2 de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/689;
- tugtar an deis stádas saor ó ghalar a bhaint amach ar bhonn sonraí stairiúla agus faireachais gan teorainn ama maidir leis na galair liostaithe ábhartha uile;
- déantar mionchoigeartú ar na rialacha chun an stádas neamh-vacsaíniú a choinneáil maidir le hionfhabhtú le víreas ghalair Newcastle.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le baill den Ghrúpa Saineolaithe maidir le Sláinte Ainmhithe (E00930) maidir lena bhfuil sa dréacht-Rialachán Tarmligthe seo ag cruinniú a tionóladh an 30 Márta 2023.

[1] IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.
[2] IO L 174, 3.6.2020, lch. 211.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an Rialachán Tarmligthe seo le glacadh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, agus go háirithe de bhun Airteagal 29, pointí (a) agus (d), Airteagal 37(5), Airteagal 39 agus Airteagal 41(3) de.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.7.2023**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair le haghaidh galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’)[3], agus go háirithe Airteagal 29, pointí (a) agus (d), Airteagal 37(5), Airteagal 39 agus Airteagal 41(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha maidir le cosc agus rialú galar ainmhithe atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó chuig daoine, lena n-áirítear rialacha maidir le faireachas, rialacha maidir le cláir faireachais an Aontais, rialacha maidir le formheas ón gCoimisiún ar stádas saor ó ghalair agus rialacha maidir leis an stádas saor ó ghalar a choinneáil.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún[4] déantar forlíonadh ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429 maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin agus stádas saor ó ghalair le haghaidh galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn in ainmhithe talún, ainmhithe uisceacha agus ainmhithe eile.

(3) Maidir leis na pobail ainmhithe ábhartha ar a ndírítear i ndáil le cineálacha éagsúla faireachais, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla na pobail sin a shonrú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689. Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 sonraítear na catagóirí ainmhithe ar cheart a bheith faoi réir faireachais. I gcomhthéacs na ngalar eipeasótach fhliú éanúil ardphataiginigh (HPAI) atá ann faoi láthair, sa tuarascáil eolaíoch ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia a foilsíodh an 20 Márta 2023, agus ina bhfuil forléargas ar an bhfliú éanúil ó Nollaig 2022 go Márta 2023[5], moladh an faireachas i mamaigh fiáine, go háirithe feoiliteoirí, agus in ainmhithe feirme, go háirithe minceanna Meiriceánacha, a leathnú agus a fheabhsú i limistéir ardriosca a bhfuil HPAI i láthair iontu in éin fhiáine agus in éanlaith chlóis. Ní áirítear speicis mamach sna catagóirí atá faoi réir faireachais dá bhforáiltear i

3 IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

4 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin agus stádas saor ó ghalair le haghaidh galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

5 *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(3):7917

Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689. Dá bhrí sin, na forálacha atá ann cheana a bhaineann le speicis ar a ndírítear agus faireachas maidir le fliú éanúil, ba cheart iad a leasú chun aghaidh a thabhairt ar an moladh sin a mhéid a bhaineann leis an riosca HPAI H5N1 atá ann faoi láthair agus chun deis agus tacaíocht níos fearr a thabhairt do na húdaráis inniúla chun faireachas struchtúrtha a dhéanamh maidir le HPAI i speicis áirithe mamach de réir mar is iomchuí.

(4) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 déantar foráil maidir le conairí éagsúla chun stádas saor ó ghalar a bhaint amach. I gcás roinnt galar, ní féidir an stádas sin a bhaint amach mura bhfuil clár díothúcháin curtha chun feidhme cheana, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit an chonair atá bunaithe ar shonraí stairiúla agus faireachais a leanúint, toisc go bhfuil feidhm ag srianta áirithe maidir leis na galair a d'fhéadfadh a bheith faoi réir na conaire sin, agus toisc gur cheart na hiarratais sin ar an stádas a dhéanamh laistigh de thráthchlár teoranta. Ó bhí dáta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ann léiríodh sa taithí a fuarthas nach leor an cur chuige sin ós rud é nach soláthraítear gealltanais bhreise leis i gcónaí maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 a leasú chun go bhféadfaidh Ballstát stádas saor ó ghalar a bhaint amach le haghaidh na ngalar ábhartha uile ar bhonn sonraí stairiúla agus faireachais agus gan teorainn ama.

(5) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 déantar foráil maidir le roinnt ceanglas chun an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle a choinneáil. Ó bhí dáta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ann, léiríodh sa taithí a fuarthas gur gá na forálacha ábhartha a shoiléiriú tuilleadh a mhéid a bhaineann leis na critéir is infheidhme.

(6) Dá bhrí sin, ar mhaithe le deimhneach dhlíthiúil agus soiléireacht, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 mar a leanas:

1. in Airteagal 4, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

    '3. Sa phobal ainmhithe ar a ndírítear, áireoidh an t-údarás inniúil ainmhithe fiáine nó ar coimeád de speicis nach liostaítear maidir leis an ngalar liostaithe ábhartha nuair a mheasann an t-údarás inniúil gur riosca iad na hainmhithe sin do shláinte ainmhithe agus do shláinte an duine.';

2. in Airteagal 70 scriostar míreanna 4, 5 agus 6.

3. in Airteagal 76, scriostar míreanna 3 agus 4.

4. Leasaítear Iarscríbhinní II go V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.7.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*